Rang a haon agus rang a dó 1

Tugtar achoimre thíos ar fhoghlaim an linbh i **rang a haon agus i rang a dó** i 6 réimse an churaclaim, mar aon le roinnt moltaí maidir le conas is féidir leat tacú le foghlaim an linbh sa bhaile.

TEANGA

Is trí theanga a fhoghlaimíonn an leanbh conas cumarsáid a dhéanamh – trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. Foghlaimíonn do leanbh conas éisteacht, labhairt, léamh agus scríobh sa dá theanga. Is bunús maith iad na scileanna teanga seo chun teangacha eile a fhoghlaim agus tá tábhacht ag baint leo ó thaobh foghlama i réimsí eile den churaclam.

I rang a haon agus i rang a dó, foghlaimíonn an leanbh **scileanna labhartha** tríd an gcaint agus an bplé, rudaí a chuireann le stór focal an linbh agus a fhorbraíonn na scileanna éisteachta. Foghlaimíonn sé/sí mar shampla conas ***éisteacht, conas tús a chur le comhrá, seal a ghlacadh, na focail chearta a úsáid chun labhairt le daoine eile, cur síos a dhéanamh, ceisteanna a chur agus a fhreagairt agus mothúcháin a chur in iúl*** i ndáiríre agus mar chur i gcéill.

Beidh níos mó féin-mhuiníne ag an leanbh faoin am seo agus é/í ag léamh agus ag scríobh i bpríomhtheanga na scoile. Foghlaimíonn sé/sí **go leor straitéisí éagsúla a chabhraíonn leis an léitheoireacht**. Tugtar 'feasacht fhóneolaíoch a fhorbairt' ar cheann de na straitéisí seo. Leis an straitéis seo, foghlaimíonn an leanbh conas focail nua a bhriseadh síos agus a fhuaimniú chun iad a léamh. Bíonn an leanbh ag scríobh ar go leor cúiseanna éagsúla anois, mar shampla liostaí siopadóireachta, iontráil dialainne, litreacha, ríomhphoist chuig cara nó scéal **writes for many different reasons** now, perhaps a shopping list, a diary entry, a letter or email to a friend or a story.

I scoileanna ina ndéantar an chuid is mó den fhoghlaim trí Bhéarla, is i rang a dó, de ghnáth, a thosaíonn na leanaí ag léamh na Gaeilge.

Tosaíonn siad le leabhair le pictiúir agus leanann siad ansin le leabhair le focail amháin nó abairt amháin ar gach leathanach. Baineann siad úsáid as na scileanna agus na straitéisí a d'fhoghlaim siad sa Bhéarla nuair a thosaíonn siad ag léamh agus ag scríobh as Gaeilge.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- éisteacht agus labhairt leis/léi, agus é/í a spreagadh chun a thuilleadh a insint duit faoi na rudaí a gcuireann sé/sí suim iontu, e.g. ceisteanna a chur air/uirthi faoi imeachtaí clár teilifíse nó cé hé/hí an carachtar is fearr leo agus cad ina thaobh
- léitheoireacht a dhéanamh leis an leanbh agus ceisteanna a chur air/uirthi go bhfeicfidh tú an dtuigeann sé/sí an t-ábhar. Nuair a bhíonn tú amuigh leis an leanbh, iarr air comharthaí agus fógraí a léamh agus dírigh a (h)aird ar an gcló atá timpeall oraibh
- iarr ar an leanbh roinnt focail nua nó abairtí nua a d'fhoghlaim sé/sí as Gaeilge ar scoil a insint duit
- má bhreathnaíonn tú ar chartúin agus ar chláir do leanaí ar TG4 in éineacht leis an leanbh rachaidh sé/sí i dtaithí ansin ar an nGaeilge a chloisteáil á labhairt do nádúrtha.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a haon agus rang a dó 2

MATAMAITIC

Cabhraíonn an Curaclam Matamaitice leis an leanbh foghlaim conas fadhbanna a scrúdú, a thuiscint agus a réiteach. I rang a haon agus i rang a dó, bíonn na leanaí **ag obair le fíor-rudaí** cosúil le bloic, ciúbanna, criáin, áiritheoirí, cruthanna daite, gaineamh agus uisce chun cur lena c(h)uid eolas agus tuiscint ar ábhar nua sna réimsí seo a leanas:

- Uimhreacha (comhaireamh, comparáid agus ordú, foghlaim faoi luach áite, uimhreacha a shuimiú agus a dhealú, codáin)
- Ailgéabar (foghlaim faoi phatrúin uimhreacha agus conas iad a úsáid e.g. corruimhreacha agus ré-uimhreacha nó deich a chur le huimhir ar leith)
- Tomhas (ag obair le fad, achar, meáchan, toilleadh, am agus airgead)
- Cruth agus spás (ag obair le cruthanna tríthoiseacha agus déthoiseacha agus le huillinneacha)
- Sonraí (cairteacha agus graif a dhéanamh, a thuiscint agus a léamh).

I ranganna a haon agus a dó, cuireann an leanbh leis an méid a d'fhoghlaim sé/sí i ranganna na naíonán. Oibríonn sé/sí anois le pátrúin, tomhas, cruth agus spás agus sonraí. **Bíonn an leanbh anois ag obair le huimhreacha atá níos mó** agus foghlaimíonn sé/sí mar sin faoi luach áite i.e. go bhfuil uimhir ar nós 14 déanta suas de 10 amháin agus de 4 aonad.

Caithfidh an leanbh é seo a thuiscint ionas go mbeidh sé/sí in ann, mar shampla, dhá uimhir mhóra a shuimiú agus a dhealú. B'fhéidir nach mbeidh an suimiú agus an dealú díreach mar a bhí siad nuair a bhí tusa ag dul ar scoil. Má bhíonn amhras ort, cuimhnigh gur féidir leat ceist a chur ar an múinteoir i gcónaí!

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- cabhrú le do leanbh uimhreacha a bhriseadh ina ndeicheanna agus ina n-aonaid trí roinnt rudaí cosúil le criáin nó pinn luaidhe a leagan amach agus bannaí leaisteacha a úsáid chun na rudaí a ghrúpáil le chéile i mbearta de dheicheanna. Cabhraigh leis/léi a thuiscint gur aonaid iad na rudaí atá fágtha

- spreagadh a thabhairt don leanbh meastachán a dhéanamh trí, mar shampla, iarraidh air/uirthi cé mhéad céim a thógfadh sé pointe áirithe ar shiúlóid a shroicheadh. Stop leathbhealach tríd an tsiúlóid agus iarr air/uirthi ar mhaith leis/léi a t(h)omhas a athrú. Féadfaidh tú freisin ceist a chur ar an leanbh cé acu is troime den mhála plúir agus den mhála prátaí atá agat sa chistin, agus an tomhas a sheiceáil trí na málaí a mheá.

OIDEACHAS, SÓISIALTA, IMSHAOIL AGUS EOLAÍOCHTA (OSIE)

Sa stair, sa tíreolaíocht agus san eolaíocht, bíonn an leanbh i **rang a haon agus i rang a dó ag foghlaim i gcónaí ón saol atá timpeall air/uirthi.** Féadfaidh na páistí fáil amach faoi stair na bhfoirgneamh atá sa cheantar (e.g. an scoil), plé a dhéanamh ar cén chaoi a gcabhraíonn daoine éagsúla sa phobal leo, nó breathnú ar athruithe an tséasúir ar chrainn agus ar phlandaí sa cheantar. **Nuair a fhoghlaimíonn leanaí conas rud a fháil amach, bíonn siad ag obair cosúil le heolaí, staraí nó tíreolaí fásta.** Il measc na scileanna a fhoghlaimíonn siad tá ceistiú, breathnú, tuar, imscrúdú agus turgnamh, meastachán agus tomhas, rangú agus taifead agus cumarsáid.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- cabhrú leis an leanbh a bheith ag breathnú agus ag fáil amach faoi rudaí sa bhaile e.g. síolta agus bolgáin a fhás, tástáil a dhéanamh ar cén fhad a thógann sé rudaí áirithe a dhéanamh nó féachaint cé acu an bhfuil ábhair ar leith maighnéadach nó nach bhfuil

- iarraidh ar an leanbh a mhíniú duit cad í an obair atá ar siúl acu san eolaíocht, sa stair agus sa tíreolaíocht. Cuimhníonn leanaí ar an méid atá foghlamtha acu tríd an ábhar seo a mhíniú do dhuine eile.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a haon agus rang a dó 3

OIDEACHAS EALAÍON

Sna trí hábhar seo, na hamharcealaíona, an ceol agus an drámaíocht, bíonn níos mó deiseanna fós ag an leanbh a **bheith cruthaitheach agus an tsamhlaíocht a fhorbairt. Ní ar an rud a dhéanann an leanbh (an táirge) a chuirtear an bhéim ach ar an méid a fhoghlaimíonn sé/sí trí ghníomhaíocht chruthaitheach a dhéanamh (an próiseas).** I rang a haon agus i rang a dó, bíonn an leanbh ag fáil amach i gcónaí faoi na healaíona difriúla agus baint triail as rudaí éagsúla sa cheol agus san ealaín. Bíonn deiseanna ag an leanbh **páirt a ghlacadh i spraoi samhlaíoch agus i spraoi drámata.**

Spreagann an réimse seo den churaclam an leanbh chun **éisteacht** le ceol, chun **breathnú ar** ealaín agus **chun freagairt a thabhairt ar** léiriú drámata ó dhaoine eile sa rang, mar aon le hobair leanaí níos sine agus daoine fásta.



Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- éisteacht le cineálacha éagsúla ceoil sa charr nó nuair a bhíonn sibh ag déanamh rudaí le chéile sa bhaile. Iarr ar an leanbh an dtaitníonn an t-amhrán nó an píosa ceoil leis/léi agus lig dó/di amhrán nó ceol a roghnú
- spreag an leanbh chun uirlisí cosúil le criáin, péinteanna, taos súgartha, pinn, pinn luaidhe, gliú, seanéadaí srl. a úsáid ar an tslí is rogha leis/léi
- Breathnaigh ar chláir do pháistí ar an teilifís in éineacht leis an leanbh nó tabhair leat an leanbh chuig scannáin, drámaí, ceolchoirmeacha agus taispeántais ealaíne. Pléigh leis/léi ansin an méid atá feicthe aige/aici, agus an fhreagairt atá aige/aici air.

CORPOIDEACHAS

Tugann an corpoideachas i rang a haon agus i rang a dó a thuilleadh deiseanna don leanbh **scileanna tábhachtacha sóisialta a fhoghlaim trí ghníomhaíocht fhisiceach.** Le himeacht ama bíonn an leanbh in ann a c(h)orp a úsáid ar bhealaí éagsúla agus féadfaidh sé/sí anois páirt a ghlacadh i mionchluichí foirne a imríonn daoine fásta cosúil le cispheil nó peil Ghaelach agus i gcluichí comhoibrithe. Trí bheith rannpháirteach i réimse de ghníomhaíochtaí fisiceacha, foghlaimíonn an leanbh **conas feabhas a chur ar an gcumas atá aige/aici féin agus cad iad na cineálacha gníomhaíochtaí ar mhaith leo a dhéanamh** lasmuigh den scoil. Glacann do leanbh páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla fisiceacha ar nós:

- Lúthchleasa (rith, léim agus caitheamh)
- Damhsa (foghlaim faoi dhamhsa, damhsa a chruthú agus a dhéanamh)
- Gleacaíocht (cothromaíocht, gluaiseacht i dtreonna éagsúla agus i seicheamh ina (h)aonar agus le daoine eile agus gluaiseacht le trealamh ar nós rabhlaithe agus mataí)
- Cluichí (láimhseáil liathróide, ciceáil, an liathróid a iompar agus a bhualadh agus mionchluichí a imirt)
- Gníomhaíochtaí faoin aer agus gníomhaíochtaí eachtraíochta (siúl, treoracha agus léarscáileanna a leanúint agus bealaí simplí agus bac-chúrsaí a leanúint).[2]

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- an leanbh a spreagadh chun bheith gníomhach sa bhaile mar shampla, bheith ag siúl, ag léim, ag rith, ag imirt cluichí agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áitiúla. Braithfidh an leanbh gur duine de phobal áitiúil é dá bharr
- an leanbh a spreagadh chun cluichí a chruthú agus a imirt le leanaí eile agus labhairt leis faoin tábhacht atá le rialacha agus le straitéisí foirne.

[2] I ngníomhaíochtaí uisce foghlaimíonn leanaí faoi shábháilteacht san uisce agus conas spraoi a bheidh acu san uisce agus na géaga agus na cosa a úsáid. Ag brath ar acmhainní na scoile, molann an curaclam deis a thabhairt do leanaí scileanna gluaiseachta a fhorbairt san uisce uair éigin le linn na bunscolaíochta.

Faisnéis do thuismitheoirí

Rang a haon agus rang a dó 4

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

Pléann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) le **forbairt phearsanta, le sláinte agus le folláine do linbh.** Cabhraíonn sé leis na leanaí a thuiscint go bhfuil siad **freagrach as na rudaí a dhéanann siad.** Foghlaimíonn siad freisin **conas meas a bheith acu ar dhaoine eile agus conas plé leo, agus conas déileáil le mothúcháin.** Tá **an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)** mar chuid den OSPS. Is cuid thábhachtach d'fhorbairt gach linbh é seo. Tá beartas OCG ag **gach scoil** agus leagtar amach ann na rudaí a mhúinfear san OCG agus cathain a thabharfar isteach ábhar ar leith.

Cabhraíonn an Curaclam OSPS do ranganna a haon agus a dó leis na leanaí aire a thabhairt dóibh féin, mar shampla, trí fhoghlaim faoin tábhacht a bhaineann le bia le haghaidh fáis, sláinte agus fuinnimh agus trí straitéisí a phlé maidir le fanacht slán agus na straitéisí seo a chleachtadh. Cabhraíonn sé freisin leis na leanaí neamhspleáchas a fhorbairt agus foghlaim conas plé le daoine agus meas a bheith orthu. Foghlaimíonn an leanaí freisin faoin áit atá acu féin ar scoil agus sa phobal áitiúil, foghlaimíonn siad conas aire a thabhairt don timpeallacht áitiúil agus don timpeallacht níos faide ó bhaile, agus téann siad i dtaithí ar chineálacha éagsúla de na meáin chumarsáide agus foghlaimíonn conas iad a mheas.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- labhairt le do leanbh faoi na rudaí éagsúla a mbíonn tionchar acu air/uirthi, mar shampla, caidreamh leis an teaghlach agus le cairde, rudaí atá ag tarlú ar scoil, conas a bheith slán. Trí a bheith ag caint leatsa, foghlaimeoidh an leanbh amach faoi bhealaí chun fadhbanna a réiteach le cairde, mar shampla, nuair a bhíonn argóint ann nó cad ba chóir a dhéanamh nuair a bhraitheann sé/sí nach bhfuil sé/sí slán. Foghlaimeoidh an leanbh ón gcaint seo leatsa gur féidir leis/léi rud ar bith a phlé leat
- deiseanna a thabhairt don leanbh bheith neamhspleách agus a c(h)inntí féin a dhéanamh, cosúil le cathain a dhéanfar an obair bhaile, conas a chaithfear an t-airgead póca, cad iad na cluichí a imreoidh sé/sí agus cad a dhéanfar nuair a thagann cairde ar cuairt. Labhair leis an leanbh agus misnigh é/í chun féachaint ar na socruithe seo athuair ionas go mbeidh na roghanna bunaithe ar mhachnamh
- nósanna sláintiúla itheacháin a chothú trí lón sláintiúil a thabhairt dó/dí ag dul ar scoil agus bia folláin ag béilí eile. Is é an bricfeasta an béile is tábhachtaí toisc go gcuireann sé tús sláintiúil le lá an linbh.

Iarr ar mhúinteoir ranga an linbh faoi bhealaí éagsúla ar féidir leat cabhrú leis an leanbh foghlaim sa bhaile agus éí i ranganna a haon agus a dó. Ceistigh na tuismitheoirí eile faoi na rudaí a dhéanann siad siúd.

Faisnéis do thuismitheoirí